Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

# Comhairle Chontae Uíbh Fhailí - **Deontais faoin Acht Ealaíon 2024**

# Treoirlínte

**Léigh go cúramach chun riachtanais agus incháilitheacht a sheiceáil.**

**IS PRÓISEAS IARRATAIS AR LÍNE É SEO**
**SPRIOCDHÁTA DÉ LUAIN 22 EANÁIR 2024 AG 3 I.N.**

## Cúnamh ó Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí faoi Scéim Deontais an Achta Ealaíon

Faoi Scéim Deontais an Achta Ealaíon cuirtear cúnamh ar fáil chun tacú le réimse gníomhaíochta agus cleachtais ealaíon i gcomhthéacs an phobail amhail ceardlanna, tionscadal, cur i láthair nó imeacht a spreagfadh, i dtuairim na Comhairle, suim an phobail sna healaíona, a chuirfeadh eolas, léirthuiscint agus cleachtas na n-ealaíon chun cinn, a chuideodh le caighdeáin na n-ealaíon a fheabhsú. Sainmhíníonn an tAcht Ealaíon 2003 na "healaíona" mar **cheol, litríocht, scannán, físeáin, ealaíona pobail, drámaíocht, damhsa, na hamharcealaíona, ailtireacht, agus ealaín fheidhmeach (staidéar ar na healaíona)**

## Incháilitheacht

- Eagraíochtaí deonacha amaitéaracha pobail a ghlacann páirt i ngníomhaíocht ealaíon nó i ngrúpaí ealaíon atá ag moladh tionscadail ealaíon laistigh den phobal. Is féidir iarratais a dhéanamh ar ríomhchlárú ar líne nó fisiciúil nó ar mheascán den dá rud
- D'fhéadfadh scoileanna iarratas a dhéanamh, ach ní chun cur leis an gcuraclam atá tionscadail, ach ba cheart gur rud sa bhreis na tionscadail agus gur eispéiris ealaíne eile a thabharfadh siad do na scoláirí.
- Ba chóir d'iarratasóirí a bheith lonnaithe i gContae Uíbh Fhailí agus tabhairt faoi thionscadal/imeacht ealaíon laistigh d'Uíbh Fhailí.
- Má tá ealaíontóir gairmiúil á fhostú, ní mór go dtaispeánfaí in iarratais go bhfuil tionscadal beartaithe ag an eagraíocht agus ag an ealaíontóir agus tá CV an ealaíontóra le samplaí dá shaothar ag teastáil.
- Ba cheart go dtarlódh tionscadail fhaofa tar éis a gceadaithe agus roimh an tríú seachtain de Shamhain na bliana céanna.
- Ceanglaítear ar eagraíochtaí a oibríonn le leanaí na Polasaithe agus na Teastais ábhartha um Chumhdach Leanaí a bheith i bhfeidhm acu.
- Ceanglaítear ar gach eagraíocht uimhir Imréitigh Cánach agus uimhir rochtana a bheith acu
- Ní cheadaítear ach tionscadal amháin in aghaidh an ghrúpa/na heagraíochta.
- Ní mór d'iarratasóirí eagraíochta a bheith cláraithe le Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP) Uíbh Fhailí. Chun é sin a dhéanamh seol ríomhphost chuig ppn@offalycoco.ie

## Neamh-incháilithe

- Féilte (déan teagmháil le arts@offalycoco.ie le haghaidh Deontais Ealaíon d'Fhéilte)
- Paráidí
- Forbairt agus cothabháil láithreán gréasáin
- Tionscadail saincheadúnais nó tionscadail atá inmharthana ó thaobh na tráchtála de agus tionscadail cheird tís.
- Trealamh/costais chaipitil (lena n-áirítear ionstraimí, Ríomhairí Glúine, osteilgeoirí, fóin srl.)
- Tionscadail oidhreachta nach mbíonn toradh ealaíonta ag baint leo
- Costais ioncaim leanúnacha
- Imeachtaí iomaíocha
- Ealaíontóirí Aonair - Oiliúint, forbairt a saothair féin (déan teagmháil le arts@offalycoco.ie le haghaidh deontais d'ealaíontóirí)

## Iarratas a Chur isteach: (Dáta Deiridh Dé Luain 22ú Eanáir 2024 @ 3 i.n.)

Seol foirm iarratais chuig
Oifig Ealaíne
Comhairle Contae Uíbh Fhailí
Aras an Chontáe
Tulach Mhór,
Co.Uíbh Fhailí
R35 F893

Cuir na nithe seo a leanas san áireamh le do thoil (má bhaineann).

- CV d'Ealaíontóirí Gairmiúla (Má bhíonn ealaíontóir ar chonradh agat)
- Ráiteas um Chumhdach Leanaí (má tá bhíonn tú ag obair le leanaí)
- Bunreacht na hEagraíochta
- Tairiscintí
- Uimhir Imréitigh Cánach agus uimhir thagartha

## Critéir Mhaoinithe

**Maoiníonn Deontais an Achta Ealaíon 70% de chostas iomlán an tionscadail a fhad le huasmhéid an deontais a bhronntar. Ní mór do ghrúpaí ranníocaíocht airgeadais agus/nó chomhchineáil a léiriú don tionscadal.** Bronnfar líon teoranta deontas. Ba chóir duit a thaispeáint ar an mbuiséad conas a mhaoineofar do ranníocaíocht. Is idir €400 - €800 a bhíonn sa mheándeontas, is féidir tionscadail eisceachtúla a mhaoiniú suas le huasmhéid €2,000.

1. Tabharfar tús áite do thionscadail ealaíne:
    a. Atá nuálach agus uaillmhianach
    b. A mbíonn an tionchar is mó acu ar an sciar is mó den phobal
    c. A thugann eispéiris ealaíne ardchaighdeáin agus ghairmiúla do na sprioc-rannpháirtithe
    d. A bhaineann an úsáid is fearr as airgead poiblí (cinntigh go gcuirtear iarratas iomlán ar ardchaighdeán isteach le buiséad lán-ullmhaithe)

Níor cheart tabhairt faoi iarratais ar mhaoiniú d'imeachtaí agus do ghníomhaíochtaí ealaíon gan smaoineamh go mór ar na spriocanna thuas.

Cuirfidh painéal a ainmneoidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí na moltaí faoi bhráid Chomhaltaí Tofa na Comhairle. Cuirfear moltaí maoinithe faoi bhráid bhaill Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí don cheadú deireanach.